Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Meitheamh 2016**
**(OR. en)**

**9640/16**

**JEUN 41**
**EDUC 217**
**SPORT 24**
**CULT 51**
**EMPL 252**
**JAI 499**
**FREMP 94**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 30 Bealtaine 2016 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9041/16 JEUN 35 EDUC 145 SPORT 20 CULT 43 EMPL 161 JAI 393 FREMP 84 |
| Ábhar: | Ról earnáil na hóige i gcur chuige comhtháite trasearnála chun radacú foréigneach daoine óga a chosc agus a chomhrac<br>- Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle (30 Bealtaine 2016) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le ról earnáil na hóige i gcur chuige comhtháite trasearnála chun radacú foréigneach daoine óga a chosc agus a chomhrac, conclúidí a ghlac an Chomhairle ag an 3471ú cruinniú dá cuid a reáchtáladh ar an 30 agus 31 Bealtaine 2016.

# Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le ról earnáil na hóige i gcur chuige comhtháite trasearnála chun radacú foréigneach daoine óga a chosc agus a chomhrac

MAIDIR LEIS AN gCOMHAIRLE AGUS LE hIONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT

AG MEABHRÚ DÓIBH:

1. An cúlra polaitiúil a bhaineann leis an tsaincheist seo mar atá leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis na conclúidí seo.

Á AITHINT AN MÉID SEO A LEANAS DÓIBH:

2. Is acmhainn thar barr dár sochaithe iad daoine óga, a gcuid luachanna agus an meon atá acu, chomh maith lena gcuid scileanna agus inniúlachtaí. Tá níos mó tábhacht ná mar a bhí riamh le luachanna daonlathacha a roinnt agus le cuimsiú sóisialta agus saoránacht ghníomhach daoine óga mar gheall ar shíorathruithe agus dúshláin na sochaí agus an gheilleagair.

3. Leis na hionsaithe sceimhlitheoireachta a rinneadh le déanaí sa Bheilg, sa Fhrainc agus sa Danmhairg, agus leis na hainghníomhartha cosúla a rinneadh san Eoraip san am a chuaigh thart, mar aon leis an méadú atá tagtha ar an bhfuathchaint agus ar an bhfuathchoireacht[1], ar an mbolscaireacht agus ar an tseineafóibe fhoréigneach san Eoraip, léirítear go bhfuil géarghá le cuidiú ó gach earnáil sa tsochaí, lena n-áirítear earnáil na hóige, chun an radacú a chomhrac agus an chobhsaíocht shóisialta agus timpeallacht dhearfach[2], shlán a choinneáil le haghaidh daoine atá ag fás suas.

[1] Eorabharaiméadar Speisialta 437 (2015) Idirdhealú san Aontas Eorpach in 2015. An Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha (2012): Sofheictheacht na coireachta fuatha san Aontas Eorpach.

[2] Is ábhar casta é an radacú foréigneach agus níor sainmhíníodh go haonfhoirmeach é. Sa chomhthéacs seo, tagraíonn an radacú foréigneach do phróiseas trína nglacann duine le húsáid foréigin chun spriocanna polaitiúla, ídé-eolaíocha, nó reiligiúnda a bhaint amach, lena n-áirítear antoisceachas foréigneach agus sceimhlitheoireacht. Tabhair faoi deara nach gá go mbeadh an t-antoisceachas foréigneach nó an sceimhlitheoireacht mar thoradh ar an radacú, agus nach gá gur fadhb amach is amach a bheadh i dtuairimíocht radacach.

4. Cé gur gá aghaidh a thabhairt ar an radacú foréigneach agus dul i ngleic leis ar roinnt cúiseanna, tá sé ríthábhachtach go n-aithneofaí agus go gcoiscfí an bhagairt agus na contúirtí a bhaineann léi do dhaoine óga agus go ngníomhófaí dá réir trí bhearta luath-idirghabhála éifeachtacha a ghlacadh, lena n-urramófaí éagsúlacht chultúrtha na ndaoine óga.

5. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag roinnt tosca ar phróiseas na forbartha féiniúlachta, amhail cúlra teaghlaigh a mbaineann an iliomad fadhbanna leis, piaraí, an t-idirlíon agus na meáin shóisialta, an timpeallacht pholaitiúil agus staid grúpaí daoine óga sa tsochaí a dtagann an t-idirdhealú, an náiriú, an t-eisiamh, an éagóir, easpa ionchas agus frustrachas sa bhealach orthu go minic, as a bhféadfadh an radacú foréigneach teacht.

6. Tá ról ríthábhachtach ag tuismitheoirí, siblíní, piaraí agus ag gníomhaithe ábhartha eile[3] chun tacú le forbairt dhearfach féiniúlachta. D'fhéadfadh feasacht idirchultúrtha agus meas ar dhaoine eile a bheith san áireamh sa ról sin mar aon le rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí, agus gnéithe den spioradáltacht, den reiligiún nó den chreideamh freisin, agus tá baint aige le treisiú leis an muintearas is gá chun an fhaisnéis agus na smaointe antoisceacha a bhféadfadh daoine óga a bheith gan cosaint orthu a chúiteamh.

7. Ba cheart daoine óga a spreagadh chun féinmhachnamh a dhéanamh, ionbhá a fhorbairt, an smaointeoireacht chriticiúil a fhoghlaim, foghlaim conas déileáil le dúshláin agus le neamhchinnteachtaí agus conas déileáil le cásanna agus mothúcháin a chuireann as dóibh ionas go mbeidh teacht aniar níos mó iontu, agus foghlaim conas caidreamh cuiditheach a choinneáil ar fud grúpaí sóisialta.

8. Ní mór do dhaoine óga feasacht agus tuiscint a bheith acu ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar mheas ar dhínit an duine, ar chearta an duine, ar an iolrachas agus ar an éagsúlacht, agus ní mór dóibh a bheith oilte i litearthacht na meán agus na faisnéise. Cuidíonn sé sin leis an smaointeoireacht chriticiúil, le bheith feasach agus eolach ar an gcaoi a bhféadfadh faisnéis a bheith claonta agus a bhféadfadh grúpaí antoisceacha leas a bhaint aisti chun an bholscaireacht a scaipeadh.

---

[3] Amhail múinteoirí, foirne oideachasúla ag ollscoileanna, oibrithe sóisialta, oibrithe óige, soláthraithe cúraim sláinte, saorálaithe, comharsana, cóitseálaithe spóirt, ceannairí reiligiúnacha agus neamhfhoirmiúla, oifigigh póilíneachta pobail.

9. Níor cheart grúpaí daoine óga a stiogmatú, dealú a dhéanamh eatarthu ná caitheamh leo ar chaoi sheineafóbach de bharr bearta a bhfuil sé mar aidhm acu an radacú foréigneach a chosc.

CUIREANN SIAD AN MÉID SEO A LEANAS I bhFIOS GO LÁIDIR:

10. Is seirbhís, modh agus uirlis í obair don óige atá inrochtana for-rochtana agus arb é is aidhm di forbairt dhearfach féiniúlachta a chinntiú do gach duine óg, trí thimpeallacht neamhfhoirmiúil neamhfhoirmeálta a sholáthar d'fhonn luachanna, scileanna, inniúlachtaí, buanna agus dearcthaí oscailte a fhorbairt trína bhféadfaidh daoine óga na rioscaí, ar dhócha go dtiocfaidh siad rompu, a aithint agus a bhainistiú, freisin, lena n-áirítear an radacú foréigneach.

11. Tríd an obair don óige, úsáidtear cur chuige leathan iomlánaíoch, bíonn baint ghníomhach ag daoine óga léi agus oibrítear i gcomhar le daoine aonair agus grúpaí daoine óga chun teacht ar réiteach ar a gcuid ceisteanna agus fadhbanna. Ar an dóigh sin, leis an obair don óige, cuirtear timpeallacht shlán ar fáil chun fás, féiniúlacht agus muintearas a chothú agus chun bheith faoi thionchair dhearfacha piaraí, agus d'fhéadfaí piarbhrú diúltach as a dtagann radacú foréigneach a chosc tríthi sin.

12. D'fhéadfadh earnáil na hóige, i gcomhar le hearnáil an oideachais agus earnálacha agus gníomhaithe ábhartha eile, ról ríthábhachtach a imirt i gcur chuige comhtháite trasearnála chun aghaidh a thabhairt ar an radacú foréigneach, go háirithe sna céimeanna luatha den phróiseas, trí thacú le daoine óga lena bhforbairt agus lena gcuid gníomhaíochtaí, trí phrionsabail dhaonlathacha agus iolraíocha, cuimsiú agus an tsaoránacht ghníomhach a chur chun cinn agus trí dhíriú ar thosca diúltacha amhail an t-idirdhealú agus easpa ionchas a bhfuil tionchar acu ar shaol daoine óga.

AG ÁITIÚ DÓIBH AN MÉID SEO A LEANAS:

13. Tá gá le cur chuige comhtháite trasearnála ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach maidir leis na gnéithe éagsúla atá i gceist, maidir le castacht an radacaithe fhoréignigh agus maidir leis an tionchar mór atá aige ar an tsochaí. Baineann earnálacha agus gníomhaithe éagsúla leis an gcur chuige seo, lena n-áirítear obair don óige, eagraíochtaí atá faoi stiúir na hóige agus oideachas.

14. I gcur chuige comhtháite trasearnála, ba cheart na beartais a bhaineann leis an óige agus leis an obair don óige, lena ndírítear ar thimpeallacht shlán chuimsitheach, agus ar an bhfoghlaim neamhfhoirmeálta, neamhfhoirmiúil agus ar chosc, a bheith ag teacht leis na beartais, leis na huirlisí agus leis na gníomhaíochtaí a bhaineann le hearnálacha ábhartha eile amhail comharthú luath, idirghabháil éifeachtach agus cur i gcoinne an radacaithe fhoréignigh. Ar an gcaoi sin, d'fhéadfaí cur chuige comhtháite, struchtúrtha, faoina mbeadh gach taobh ar an eolas agus trína mbeadh tacaíocht ar fáil do chách a chinntiú do dhaoine óga, do phiaraí, do theaghlaigh agus dá líonraí sóisialta.

15. Le cur chuige den sórt sin, ba cheart straitéisí éagsúla a úsáid ag brath ar leibhéal an radacaithe: ó straitéisí coisctheacha cineálacha[4] sna céimeanna luatha den radacú go dtí cur chuige níos sonraithe lena ndíreofaí ar ghrúpaí sonracha nó ar dhaoine aonair nuair a tharlaíonn an radacú foréigneach iarbhír. Comhlánaítear leis sin, príomhról na hoibre don óige mar iarracht thrasearnála chun cuidiú le daoine óga a mbealach a dhéanamh sa tsochaí agus chun daoine óga a chosaint ó chontúirtí an antoisceachais fhoréignigh.

IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT, DÁ RÉIR SIN, AGUS PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA Á CHUR SAN ÁIREAMH:

16. Oibriú ar chur chuige comhtháite, trasearnála ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil chun freastal ar gach duine óg atá i mbaol an radacaithe foréignigh ach:

   a) comhar éifeachtach comhchuibhithe a chur chun cinn idir earnáil na hóige, earnáil an oideachais agus earnálacha ábhartha eile, freisin, agus comhuirlisí, bearta agus malartú dea-chleachtas[5] a fhorbairt chun déileáil le cásanna de radacú foréigneach;

---

4 Leagtar amach straitéisí coisctheacha cineálacha sa chaoi go mbainfidh a raon feidhme leis an bpobal trí chéile, beag beann ar imthosca riosca aonair. Féadfar díriú leo ar na daoine óga uile in aoisghrúpa ar leith mar shampla. Is é an cuspóir atá acu bunleibhéal teacht aniar i measc daoine óga a áirithiú.

5 Amhail an bunachar sonraí dea-chleachtais ar a dtugtar an Líonra AE um Fheasacht ar an Radacú (RAN), an uirlis WIKI don Óige, agus bunachar sonraí dea-chleachtais Lárionad Eolais na hEorpa um Beartas na hÓige (EKCYP).

b) an ról a d'fhéadfadh a bheith ag an obair don óige mar pháirtí i gcomhghuaillíochtaí agus i líonraí a chíoradh agus a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil chun bheith ina crann taca chun daoine óga agus an teacht aniar atá iontu a fhorbairt agus tosca coisctheacha a threisiú.

17. Earnáil na hóige a aithint agus a threisiú nuair is iomchuí maidir leis an méid seo a leanas:

a) an ról atá aici chun tacú le daoine óga a mbealach a dhéanamh chuig an aosacht agus áit sa tsochaí agus timpeallacht shlán chuimsitheach a chruthú do dhaoine óga chun a bhféiniúlacht a aithint, agus cuntas á thabhairt, más ábhartha, ar fhéiniúlachtaí spioradálta nó cultúrtha agus reiligiúnacha a fhorbairt;

b) An ról atá aici maidir le luachanna daonlathacha agus saoránacht ghníomhach a chur chun cinn trí chineálacha éagsúla cleachtas i ndáil le hobair don óige lena gcuirtear an meas ar éagsúlacht chultúrtha chun cinn tríd an idirphlé idirchultúrtha idir-reiligiúnach ó ghlúin go glúin agus dúshlán an uile chineál idirdhealú a thabhairt;

c) teagmháil a dhéanamh le daoine aonair agus le grúpaí daoine aonair atá i mbaol radacú foréigneach agus eisiamh ón tsochaí agus chun tacú le daoine óga agus iad a áireamh i ngníomhaíochtaí idir piaraí;

d) teagmháil a dhéanamh le daoine óga chun an bonn a bhaint ó idé-eolaíochtaí antoisceacha foréigneacha atá ann agus dúshlán na n-idé-eolaíochtaí céanna a thabhairt agus chun iad a chúiteamh le roghanna tarraingteacha neamhfhoréigneacha eile tríd an idirlíon agus trí na meáin shóisialta[6];

e) oideachas agus oiliúint oibrithe don óige a chur chun cinn agus a gcuid inniúlachtaí a leathnú ionas go bhféadfadh oibrithe don óige ceisteanna a bhaineann leis an radacú foréigneach a shainaithint, mar aon le bolscaireacht, reitric agus iompar a d'fhéadfadh a bheith nasctha leis an radacú foréigneach a aithint;

[6] Seo a leanas roinnt samplaí: Feachtas i gcoinne na Fuathchainte, Faisnéis don Ógra, agus Eyca agus Eryica.

f) tacú le daoine óga chun litearthacht sna meáin agus an smaointeoireacht chriticiúil a threisiú trí chur chuige trasearnála a úsáid, mar shampla, earnáil na hoibre don óige ag obair i gcomhar le scoileanna, rud a chuidíonn le cosc a chur le hearcú na ndaoine óga seo le haghaidh gníomhaíochtaí foréigneacha trí thionchar ó phiaraí agus trí na meáin shóisialta;

g) rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a chur chun cinn;

h) an cumas atá aici a ról a chomhlíonadh trí fheasacht, eolas agus uirlisí atá cothrom le dáta a fheabhsú, agus trí chomhar maith le hearnálacha agus daoine ábhartha as a dtagann cás ina ndéantar an radacú i measc daoine óga a aithint agus a chosc ag céim luath;

i) Daoine óga a spreagadh chun dul i mbun na hoibre deonaí agus tacú leo sin a dhéanamh, os rud é gur féidir leis sin ról tábhachtach a bheith aige ó thaobh féiniúlacht dearfach a fhorbairt agus go gcuirtear ionbhá agus smaointeoireacht atá freagrach chun cinn leis an obair sin.

18. Na bearta agus na cleachtais inbhuanaithe sin ar léir a rath a chaomhnú agus bearta agus cleachtais nuálacha agus inbhuanaithe a chur chun feidhme, nuair is iomchuí, atá saincheaptha do dhaoine óga, sa ghníomhaíocht áitiúil, sa rannpháirtíocht dhaonlathach, san fhoghlaim agus san idirphlé idirchultúrtha, sa tsaoránacht ghníomhach agus san oideachas dearfach idir piaraí.

DÁ RÉIR SIN, IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN, LAISTIGH DÁ gCUMHACHTAÍ FAOI SEACH AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:

19. An comhar a mhéadú ar an leibhéal Eorpach i gcomhroinnt eolais agus cleachtais trí oibriú le chéile i gcomhthéacs an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear an Grúpa Saineolaithe don tSaoránacht Ghníomhach agus chun Imeallú agus Radacú Foréigneach a Chosc, an Grúpa Saineolaithe maidir le Digitiú, agus an Líonra don Fheasacht ar an Radacú, agus le tríú tíortha ábhartha agus le Comhairle na hEorpa[7] chun eolas agus dea-chleachtas a roinnt maidir leis an radacú foréigneach a chosc, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as na meáin shóisialta, as frith-insintí[8] agus as obair dhigiteach don óige.

20. Faisnéis agus dea-chleachtais a roinnt agus treoirphrionsabail a fhorbairt, más iomchuí, maidir le conas comhghuaillíochtaí nó líonraí a bhunú le haghaidh cur chuige comhtháite agus trasearnála, lena bhfoghlaimeofar conas obair i gcomhar lena chéile ar bhealach éifeachtach, comhchuibhithe agus comhtháite agus aird á tabhairt ar chomhthéacs cultúrtha ilchineálach an Aontais Eorpaigh.

21. Forbairt idirphlé agus frith-insintí éifeachtacha a chothú chun tacú le tuismitheoirí, le deartháireacha agus deirfiúracha, le piaraí agus le daoine eile a bhíonn i dteagmháil le daoine óga atá i mbaol an radacaithe fhoréignigh, agus cur ar fáil faisnéise a chothú maidir le córais tacaíochta agus deiseanna comhairleoireachta atá ann cheana.

22. Modúil oiliúna agus oideachais a fhorbairt, más iomchuí, d'oibrithe don óige mar bhonn d'ábhair oideachasúla le húsáid ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil chun a áirithiú go mbeidh eolas, feasacht, uirlisí agus scileanna atá sách comhaimseartha ag an obair don óige maidir lena leanas:

    a. feiniméan gach cineál radacaithe fhoréignigh, tuiscint ar fhochultúir chomh maith leis na modhanna sonracha idirghabhála chun radacú foréigneach a chosc go luath;

---

7 E.g. i gcreat na Gluaiseachta i gcoinne na Fuathchainte.

8 Gníomhaíochtaí cumarsáide is iad frith-insintí lena dtéitear i gcoinne na n-insintí antoisceacha ar líne nó as líne, lena n-áirítear frith-fhíorais, ar bhonn níos fíorasaí.

b. toscaí tucaide as a dtagann radacú foréigneach;

c. an saol digiteach, lena n-áirítear an tIdirlíon agus na meáin shóisialta;

d. cur i gcoinne na dtionchar antoisceach ar an idirlíon agus sna meáin shóisialta agus tuairimí antoisceacha foréigneacha a cheistiú;

e. tacú le daoine óga smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt chomh maith leis an bhfeasacht, na scileanna agus na hinniúlachtaí ábhartha chun na foinsí agus na haidhmeanna éagsúla taobh thiar den fhaisnéis a chuirtear ar fáil a aithint, lena n-áirítear bolscaireacht agus fuathchaint;

f. tacaíocht a thabhairt do phiaraí cabhrú le daoine óga chun an radacú foréigneach a sheachaint trí phiarthionchair dhearfacha a thabhairt dóibh;

g. oibriú le chéile i gcomhpháirtíochtaí trasearnála;

h. tacú le forbairt féiniúlachta na ndaoine óga, inniúlachtaí idirchultúrtha agus tuiscint ar luachanna daonlathacha agus iolraíocha agus ar shaoránacht ghníomhach.

23. Seimineáir idir piaraí a chur chun cinn agus tacú leo d'oibrithe don óige, do shaineolaithe, do lucht déanta beartas agus do thaighdeoirí, d'fhonn roinnt na ndea-chleachtas agus faisnéise a chumasú maidir leis an gcur chuige is fearr do shaincheist an radacaithe fhoréignigh.

24. Tuilleadh taighde ar an radacú foréigneach a chur chun cinn agus a thionscain agus tacú leis an taighde sin agus é a chur ar fáil lena ndíreofar ar eolas a fheabhsú ar shaincheisteanna amhail raon feidhme, foinsí, tosca cosantacha, cúiseanna agus dinimic chognaíoch agus mhothúchánach an radacaithe fhoréignigh, d'fhonn a chur ar chumas na mBallstát agus an Aontais Eorpaigh beartais agus cleachtais a fhorbairt a bheidh bunaithe ar fhianaise.

DÁ RÉIR SIN IARRANN SIAD AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:

25. Cinntiú go scaipfear go barrmhaith na torthaí ón nGrúpa Saineolaithe don tSaoránacht Ghníomhach agus chun Imeallú agus Radacú Foréigneach a Chosc, lena gcuirfear treoir inúsáidte ar fáil d'oibrithe don óige, d'eagraíochtaí na hoibre sóisialta agus do ghairmithe i gcomhthéacs comhoibritheach comhtháite maidir le conas dul i bhfeidhm ar dhaoine óga atá i mbaol an radacaithe fhoréignigh agus conas oibriú leo

26. Féachaint ar an mbealach is fearr a d'fhéadfaí cláir an Aontais atá ann cheana amhail Erasmus+, Eoraip na Cruthaíochta agus an Clár um an Eoraip ar son na Saoránach a úsáid chun cuimsiú sóisialta daoine óga ó chúlraí éagsúla a chur chun cinn, agus ar an mbealach sin cur le cosc an radacaithe agus a áirithiú go mbeidh cumas neartaithe san obair don óige, go mbeidh comhar leis an oideachas agus le hearnálacha ábhartha eile ar an ábhar seo chomh maith agus go gcumhachtófar na daoine óga féin.

**IARSCRÍBHINN**

Agus na Conclúidí seo á nglacadh aici, MEABHRAÍONN an Chomhairle ach go háirithe an méid seo a leanas:

1. An Chomhairle Eorpach a bhí ann ar an 12 Feabhra 2015, inar lorg Cinn Stáit agus Rialtais chun cur chuige cuimsitheach, lena n-áirítear tionscnaimh maidir le lánpháirtiú sóisialach, i measc rudaí eile, atá fíorthábhachtach chun radacú foréigneach a chosc.

2. An Dearbhú a ghlac Airí Oideachais an Aontais Eorpaigh ag a gcruinniú neamhfhoirmiúil i bPáras ar an 17 Márta 2015 ina gcuireann siad treoir ar fáil maidir le conas comhoibriú ar an leibhéal Eorpach. Leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le hiarrachtaí chun cosc a chur le himeallú, le héadulaingt, le ciníochas agus le radacú agus chun dul i ngleic leo agus le hiarrachtaí chun saoránacht na ndaoine óga a chur chun cinn agus creat comhdheiseanna do chách a chaomhnú.

3. Na Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis athnuaite Slándála Inmheánaí den 17 Meitheamh 2015, lena dtugtar tús áite do shaincheisteanna sonracha an dícheangail, an athshlánaithe agus an díradacaithe/an fhrith-radacaithe mar thosaíochtaí don ghníomhaíocht sna blianta amach romhainn.

4. Plean Oibre reatha an Aontais Eorpaigh don Óige 2016-2018 lena ndírítear ar chuimsiú sóisialta na ndaoine óga UILE a mhéadú, agus aird á tabhairt ar na bunluachanna Eorpacha agus ar ról na hoibre don óige sa saol neamhdhigiteach agus digiteach araon.

5. Tuarascáil Chomhpháirteach an Aontais 2015 um an Óige ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme an chreata athnuaite le haghaidh comhar Eorpach i réimse na hóige (2010-2018)" inar cuireadh i dtreis gur cheart do dhaoine óga a bheith in ann fás aníos i sochaithe atá cuimsitheach agus iolraíoch agus atá bunaithe ar luachanna daonlathacha na hEorpa. Léirítear le Tuarascáil chomhpháirteach an Aontais um an Óige freisin gur gá daoine óga ilchineálacha a chumhachtú tuilleadh, go háirithe iad siúd atá i mbaol an eisiaimh.

6. Comhar idir an Coimisiún Eorpach agus Comhairle na hEorpa laistigh den Chomhaontú Comhpháirtíochta.

7. An Clár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil, dar dáta an 28 Aibreán 2015, ina measann an Coimisiún gur príomhthoisc é rannphháirtíocht na ndaoine óga d'fhonn radacú a chosc trí luachanna na hEorpa a chur chun cinn agus trí chuimsiú sóisialta a chothú agus ina luaitear freisin an Líonra um Fheasacht ar an Radacú (RAN), bratlíonra ar fud na hEorpa lena gcumasaítear malartú taithí agus cleachtais chun luathbhrath an radacaithe a éascú chomh maith le dearadh straitéisí don chosc agus don dícheangal ar an leibhéal áitiúil.

8. An Rún ó Pharlaimint na hEorpa den 25 Samhain 2015 maidir leis an radacú agus earcaíocht saoránaigh na hEorpa don sceimhlitheoireacht a chosc.

9. Rún 2250 (2015) a ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ag an 7573ú cruinniú aici ar an 9 Nollaig 2015 inar tugadh faoi deara an ról tábhachtach ar féidir le daoine óga a bheith acu mar eiseamláirí dearfacha chun an t-antoisceachas foréigneach a chosc agus chun cur ina choinne

10. Plean Gníomhaíochta an Choiste Airí (An Bhruiséil, 19 Bealtaine 2015), CM (2015)74 final, maidir leis an gcomhrac i gcoinne an antoisceachais fhoréignigh agus an radacaithe a bhfuil an sceimhlitheoireacht mar thoradh air, agus le Plean Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe chun Cosc a chur le hAntoisceachas Foréigneach.